


STRanna a Fuarthas (2000-2020)



Bunaíodh Aonad Faisnéise Airgeadais na hÉireann (FIU) i mBealtaine 1995 tar éis don Treoir ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 a thrasúí maidir le húsáid an chórais airgeadais a chosc chun críocha sciúradh airgid 91/308/EEC). Shainigh Treoracha AE ina dhiaidh sin, a raibh tionchar ag moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) orthu, ról agus feidhmeanna FIUanna.

Is comhlacht idir-rialtasach domhanda é FATF, a leagann síos caighdeáin agus a chuireann chun feidhme go héifeachtach bearta dlíthiúla, rialála agus oibríochtúla chun troid in aghaidh sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus bagairtí gaolmhara eile. Tá FIU na hÉireann faoi réir monatóireachta agus cigireachta ag an FATF, an AE agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile chun a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin bhunaithe.

FIU póilíní-bhunaithe isea FIU na hÉireann atá lonnaithe laistigh de Bhiúró Náisiúnta an Garda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (GNECB). Cuireadh ar bhonn reachtúil é i 2018 le hachtú an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2018. Tá an Bleachtaire Ard-Cheannfort, GNECB, i gceannas air agus tá fostaithe de chuid An Garda Síochána ina fhoireann; mar sin féin, tá a fhéinriail agus a neamhspleáchas oibríochtúil aige maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin comhlíonadh an FIU le Moladh 29 FATF a fheabhsú.

Comhlíonann FIU na hÉireann gach ceann de na 4ú feidhmeanna FIU de chuid an AE maidir le Treoir Frith-Sciúradh Airgid (4AMLD) FIU thar ceann Stát na hÉireann. Feidhmíonn an FIU agus déanann sé gach cinneadh de réir na nAchtanna um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 go 2021.

Cuireann baill foirne an FIU le forbairt an bheartais Náisiúnta agus Eorpach agus suíonn siad freisin ar an gCoiste Stiúrtha in aghaidh Sciúradh Airgid (AMLSC) agus déanann siad ionadaíocht ar Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta éagsúla lena n-áirítear Cruinnithe Iomlánacha an AE, FATF agus Egmont, cruinnithe Ardáin FIU an AE, 7rl.

Is é FIU na hÉireann an pointe fáiltithe lárnach do gach Tuarascáil ar Idirbhearta Amhrasacha (STRanna) ó 'Dhaoine Ainmnithe' faoi alt 42 de na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 go 2021. Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios go bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncain cóip freisin de gach STR a chuirtear isteach mar go bhfuil córas dé-thuiriscithe in Éirinn.

Déanann FIU na hÉireann anailís ar gach STR agus faisnéis eile a bhaineann le sciúradh airgid (ML) & maoiniú sceimhlitheoireachta (TF) chun ML/TF féideartha a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Is éard atá ina fheidhm anailíse anailís oibríochtúil a dhéanamh ar chásanna aonair, spriocanna agus faisnéis eile a roghnaítear go cuí, agus anailís straitéiseach a thugann aghaidh ar threochtaí agus pátrúin ML/TF níos leithne. Más cosúil go bhfuil amhras ann, is é sin le rá má dhealraíonn sé go bhfuil comhartha coiriúil i STR, tá oibleagáid ar FIU na hÉireann an fhaisnéis sin a sheoladh chuig an údaráis imscrúdaithe inniúil, An Garda Síochána de ghnáth ach freisin chuig an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB), An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí, 7rl.

Tá STRanna faoi rún.

I bhfianaise nádúr tras-dlínse ML & TF, comhlíonann FIU na hÉireann a oibleagáidí faoi Airteagal 52 & 53 den 4AMLD trína chomhoibriú láidir le FIUanna eile an AE, agus oibríonn sé go dlúth le FIUanna eile ar fud an domhain. I bhfeidhmiú na feidhme seo, comhlíonann FIU na hÉireann iarratais ar fhaisnéis ó FIUanna eile agus seolann sé iarratais ar fhaisnéis agus anailís á dhéanamh ar STRanna agus ar thuarascálacha eile. Úsáideann FIU na hÉireann córas slán díláraithe ar a dtugtar FIU.Net chun faisnéis a bhaineann le STR a roinnt go sábháilte le FIUanna eile an AE agus le Gréasán Slán Egmont (ESW) agus iad ag déanamh cumarsáide le FIUanna neamh-AE.

Úsáideann FIU na hÉireann bogearraí speisialaithe (GoAML) chun freastal ar a riachtanais bailithe sonraí, bainistíochta, anailíseacha, bainistíochta doiciméad, sreabhadh oibre agus staidrimh.